Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 22 Bealtaine 2025
(OR. en)

9305/25
ADD 1

POLCOM 100
COMER 82
UD 117
COHOM 81
DELACT 63

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	21 Bealtaine 2025
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	C(2025) 3066 annex
Ábhar:	IARSCRÍBHINNÍ a ghabhann le RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/… ÓN gCOIMISIÚN lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/125 ón gComhairle maidir le trádáil in earraí áirithe a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh phionós an bháis, le haghaidh céastóireachta nó le haghaidh íde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2025) 3066 - ANNEXES 1 - 2.

Faoi iamh.: C(2025) 3066 annex

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 21.5.2025
C(2025) 3066 final

ANNEXES 1 to 2

IARSCRÍBHINNÍ

a ghabhann le

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/… ÓN gCOIMISIÚN

lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/125 ón gComhairle maidir le trádáil in earraí áirithe a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh phionós an bháis, le haghaidh céastóireachta nó le haghaidh íde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach

IARSCRÍBHINN I

‘IARSCRÍBHINN II

LIOSTA NA nEARRAÍ DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAIL 3 AGUS 4

Nóta réamhráiteach:

Tagraíonn na ‘cóid Ainmníochta Comhcheangailte’ (cóid AC) san Iarscríbhinn seo do chóid a shonraítear i gCuid a Dó d’Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle[1].

I gcás ina dtagann ‘Ex’ roimh an gcód AC, ní bheidh sna hearraí a chumhdaítear leis an Rialachán seo ach cuid de raon feidhme an chóid AC agus cinnfear iad leis an tuairisc a thugtar orthu san Iarscríbhinn seo agus le raon feidhme an chóid AC araon.

Nótaí:

1. Ítimí 1.3 agus 1.4 i Roinn 1 a bhaineann le hearraí atá ceaptha chun daoine a chur chun báis, ní chumhdaítear leo earraí míochaine-teicniúla.
2. Níor cheart cuspóir na rialuithe atá san Iarscríbhinn seo a shárú mar gheall ar onnmhairiú aon earra neamhrialaithe (lena n-áirítear gléasraí) ina bhfuil comhpháirt rialaithe amháin nó níos mó nuair is í an chomhpháirt rialaithe nó nuair is iad na comhpháirteanna rialaithe príomheilimint na n-earraí agus nuair is féidir iad a bhaint nó a úsáid chun críoch eile.

NB: Agus é á mheas arb í an chomhpháirt rialaithe nó arb iad na comhpháirteanna rialaithe príomheilimint an earra, is gá an chainníocht, an luach agus an saineolas teicneolaíochta atá i gceist a chur san áireamh, chomh maith le cúinsí speisialta eile lena bhféadfaí a shuíomh gurb í an chomhpháirt rialaithe nó gurb iad na comhpháirteanna rialaithe príomheilimint na n-earraí atá á bhfáil.

Cód AC	Tuairisc
	1. Earraí atá ceaptha chun daoine a chur chun báis, mar a leanas:
Ex 4421 99 Ex 8208 90 00	1.1. Crocha, gilitíní agus lanna le haghaidh gilitíní
Ex 8543 70 90 Ex 9401 79 00 Ex 9401 80 00 Ex 9402 10 00	1.2. Cathaoireacha leictreacha a úsáidtear chun daoine a chur chun báis
Ex 9406 20 00 Ex 9406 90 38 Ex 9406 90 90	1.3. Seomraí aerdhíonacha, déanta as cruach nó gloine mar shampla, atá ceaptha chun daoine a chur chun báis trí ghás marfach nó substaint mharfach a thabhairt dóibh.

[1] Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle an 23 Iúil 1987 maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim (IO L 256, 7.9.1987, lch. 1).

Ex 8413 81 00 Ex 9018 90 50 Ex 9018 90 60 Ex 9018 90 84	1.4. Córais uathoibríocha insteallta drugaí atá ceaptha chun daoine a chur chun báis trí shubstaint cheimiceach mharfach a thabhairt dóibh
	2. Earraí nach bhfuil oiriúnach lena n-úsáid ag údaráis forfheidhmithe dlí chun daoine a shrianadh, mar a leanas:
Ex 8543 70 90	2.1. Gléasanna turrainge leictrí atá ceaptha lena gcaitheamh ar an gcorp ag duine faoi shrian, amhail criosanna, muinchillí agus cufaí, atá ceaptha le daoine a shrianadh trí thurraing leictreach a thabhairt dóibh.
Ex 7326 90 98 Ex 7616 99 90 Ex 8301 50 00 Ex 3926 90 97 Ex 4203 30 00 Ex 4203 40 00 Ex 4205 00 90 Ex 4017 00 00	2.2. Glais ordóg, glais méar, bíseanna ordóige agus bíseanna méire. Nóta: Leis an ítim seo, áirítear glais dhéadacha agus neamhdhéadacha agus bíseanna déadacha agus neamhdhéadacha.
Ex 7326 90 98 Ex 7616 99 90 Ex 8301 50 00 Ex 3926 90 97 Ex 4203 30 00 Ex 4203 40 00 Ex 4205 00 90 Ex 6217 10 00 Ex 6307 90 98 Ex 4017 00 00	2.3. Barra-laincisí, srianta ualaithe cos agus cuibhrigh bhuíne a bhfuil barra-laincisí nó srianta ualaithe cos mar chuid díobh. Nótaí: 1. Geimhle nó fáinní murnáin is ea barra-laincisí agus iad feistithe le fearas glasála, nasctha le barra docht is gnách a bheith déanta as miotal. 2. Leis an ítim seo, áirítear barra-laincisí agus srianta ualaithe cos atá ceangailte de ghnáthghlais lámh le slabhra.
Ex 7326 90 98 Ex 7616 99 90 Ex 8301 50 00 Ex 3926 90 97 Ex 4203 30 00 Ex 4203 40 00 Ex 4205 00 90 Ex 6217 10 00 Ex 6307 90 98 Ex 7315 81 00 Ex 7315 82 00 Ex 7315 89 00 Ex 4017 00 00	2.4. Cuibhrigh bhuíne Nóta: Is é atá i gcuibhrigh bhuíne péirí iomadúla glas lámh, glas cos, slabhraí boilg, nó meascán díobh sin, ceangailte de shlabhra aonair (atá déanta as miotal de ghnáth), lena gcuirtear srian ar roinnt daoine le chéile i slabhra.
Ex 7326 90 98 Ex 7616 99 90 Ex 7315 81 00 Ex 7315 82 00	2.5. Geimhle cos Nóta: Is é atá i ngeimhle cos fáinní miotail neamh-inchoigeartaithe nó srianta miotail

Ex 7315 89 00	neamh-inchoigeartaithe eile, iad feistithe timpeall rúitíní príosúnaigh, trí shocrú boltaí nó scriúnna de ghnáth. Is féidir leo a bheith ar insí nó gan insí agus bíonn siad nasctha le slabhra de ghnáth. [Tá siad éagsúil le glais cos is féidir a choigeartú ar rúitín an duine atá á choinneáil (Iarscríbhinn III, 1.3)].
Ex 7326 90 98 Ex 7616 99 90 Ex 8301 50 00 Ex 3926 90 97 Ex 4203 30 00 Ex 4203 40 00 Ex 4205 00 90 Ex 6217 10 00 Ex 6307 90 98 Ex 4017 00 00	2.6. Glais chun daoine a shrianadh, atá ceaptha le bheith ceangailte de bhalla, d'urlár nó de shíleáil
Ex 9401 61 00 Ex 9401 69 00 Ex 9401 71 00 Ex 9401 79 00 Ex 9401 80 00 Ex 9402 10 00	2.7. Cathaoireacha srianta: cathaoireacha atá feistithe le geimhle nó le gléasanna eile chun duine a shrianadh. Nóta: Leis an ítim seo, ní thoirmeasctar cathaoireacha nach bhfuil feistithe ach le strapaí nó criosanna
Ex 9402 90 00 Ex 9403 20 80 Ex 9403 50 00 Ex 9403 60 00 Ex 9403 89 00	2.8. Cláir gheimhle agus leapacha geimhle: cláir agus leapacha atá feistithe le geimhle nó le gléasanna eile chun duine a shrianadh. Nóta: Leis an ítim seo, ní thoirmeasctar cláir agus leapacha nach bhfuil feistithe ach le strapaí nó criosanna
Ex 9402 90 00 Ex 9403 50 00 Ex 9403 60 00 Ex 9403 70 00 Ex 9403 89 00	2.9. Leapacha caighin: leapacha ar caighin iad (ceithre thaobh agus clár uachtair orthu) nó struchtúr atá cosúil le caighean ina ndúntar duine taobh istigh den spás leapa, an clár uachtair nó taobh amháin nó níos mó de na taobhanna feistithe le barraí miotail nó barraí eile, agus nach féidir a oscailt ach ón taobh amuigh
Ex 9402 90 00 Ex 9403 20 20 Ex 9403 50 00 Ex 9403 60 90 Ex 9403 70 00 Ex 9403 89 00	2.10. Leapacha eangaí: leapacha ar caighin iad (ceithre thaobh agus clár uachtair orthu) nó struchtúr atá cosúil le caighean ina ndúntar duine taobh istigh den spás leapa, an clár uachtair nó taobh amháin nó níos mó de na taobhanna feistithe le heangacha, agus nach féidir a oscailt ach ón taobh amuigh
Ex 6505 00 10 Ex 6505 00 90 Ex 6506 91 00 Ex 6506 99 10 Ex 6506 99 90 Ex 6217 10 00 Ex 6307 90 98	2.11. Cochaill agus dallóga atá deartha chun críocha fhorfheidhmiú an dlí amháin chun radharc an duine atá á choinneáil a bhlocáil agus/nó a chlúdach, lena n-áirítear cochaill agus dallóga den sórt sin i gcás ina bhfuil siad nasctha le gnáthghlais lámh nó le srianta eile le slabhra. Nóta:

	Ní áirítear leis an ítim seo cochaill frithsheile a rialaítear le hIarscríbhinn III 1.4.
	3. Gléasanna iompartha nach bhfuil oiriúnach lena n-úsáid ag údaráis forfheidhmithe dlí chun críoch smachtaithe círéibe nó chun críoch féinchosanta, mar a leanas:
Ex 9304 00 00	3.1. Bataí nó smachtíní atá déanta as miotal nó ábhar eile agus ag a bhfuil crann ar a bhfuil spící miotail
Ex 7326 90 98 Ex 4205 00 90 Ex 6602 00 00 Ex 7326 90 98 Ex 7806 00 80 Ex 4203 29 90 Ex 4015 19 00	3.2. Smachtíní ualaithe nó smachtíní atá clúdaithe le leathar tiubh nó rubar a bhfuil ualú breise acu atá deartha chun an t-imbhualadh cinéiteach leis an targaid a mhéadú chomh maith le lámhainní ualaithe nó gairis comhchosúla eile Nótaí Smachtín ualaithe: Gaireas cothrom arb é atá ann miotal (cruach sprionga) atá clúdaithe le leathar tiubh nó rubar agus a úsáidtear chun duine a bhualadh; nó smachtín gearr arb é atá ann cruach sprionga atá clúdaithe le leathar, a bhíonn ualaithe uaireanta ag foirceann amháin le grán luaidhe, agus a úsáidtear chun duine a bhualadh. Is iondúil go ndéantar lámhainní ualaithe as leathar agus go mbíonn cruach nó luaidhe phúdraithe fuaite san ábhar thar an alt, na méara, nó cúl na láimhe acu.
Ex 4421 91 00 Ex 4421 99 99 Ex 3926 90 97 Ex 6602 00 00	3.3. '*Lathis*' Nóta: Is smachtíní fada solúbtha iad *lathis* (os cionn 1m ar fad), déanta as adhmad nó bambú go traidisiúnta (ach déantar as polacarbónáit iad freisin), den chineál a úsáideann póilíní mar arm.
Ex 3926 90 97 Ex 7326 90 98	3.4. Sciatha ar a bhfuil spící miotail
Ex 3926 20 00 Ex 7326 90 98 Ex 7616 99 90 Ex 4017 00 00	3.5. Armúr coirp ar a bhfuil spící nó cíoradh atá déanta as miotal nó as ábhar crua eile. Nóta: Ní rialaítear leis an ítim seo armúr coirp ag a bhfuil córais iompartha ualaigh ina bhfuil páirteanna atá déanta as miotal nó ábhar crua eile a úsáidtear chun trealamh a cheangal nó a iompar.
	4. Fuipeanna mar a leanas:
Ex 6602 00 00	4.1. Fuipeanna ag a bhfuil an iliomad lasca nó iallacha, amhail lasca Rúiseacha nó lasca na naoi gcraobh.
Ex 6602 00 00	4.2. Fuipeanna ag a bhfuil lasc nó iall, nó níos mó ná lasc nó iall amháin, ar a bhfuil friofaic, crúcaí, spící, sreang mhiotail nó rudaí comhchosúla feistithe a chuireann le héifeacht bhuille na laisce nó na héille.

Ex 6602 00 00	4.3. '*Sjamboks*' Nóta: Baineann an ítim seo le cineál fuipeanna troma, atá déanta go traidisiúnta as leathar, nó as ábhair eile, amhail plaisteach. Ní chumhdaítear leis an ítim seo ionstraimí a úsáidtear go traidisiúnta chun ainmhithe a thiomáint.
	5. Airm agus trealamh lena scaiptear ceimiceáin éagumasúcháin nó ghreannacha nó diúracáin imbhuailte agus armlón gaolmhar nach bhfuil oiriúnach lena n-úsáid ag údaráis forfheidhmithe dlí chun críoch smachtaithe círéibe nó chun críoch féinchosanta.
Ex 8424 20 00 Ex 8424 89 70 Ex 9304 00 00	5.1. Is éard atá sa trealamh suite chun substaintí ceimiceacha éagumasúcháin nó greannacha a scaipeadh i spásanna iata, ar féidir é a fheistiú ar bhalla nó ar shíleáil laistigh d'fhoirgneamh, ceanastar oibreán ceimiceach éagumasúcháin nó greannach a ghníomhaítear trí úsáid a bhaint as córas cianrialaithe. Nóta: Tagraíonn an ítim seo do threalamh nó do ghairis den chineál a úsáidtear i bpríosúin agus in áiteanna coinneála eile. Ní chuireann sé toirmeasc ar threalamh suite atá deartha chun substaintí dallta (amhail gal uisce nó ceo) a scaipeadh, substaintí nach ndéanann dochar díreach fisiciúil a úsáidtear i spásanna iata tráchtála nó príobháideacha chun buirgléireacht a chosc.
Ex 9301 10 00 Ex 9301 20 00 Ex 9301 90 00 Ex 9302 00 00 Ex 9303 10 00 Ex 9303 20 10 Ex 9303 20 95 Ex 9303 30 00 Ex 9303 90 00 Ex 9304 00 00 Ex 9306 21 00 Ex 9306 29 00 Ex 9306 30 10 Ex 9306 30 30 Ex 9306 30 90 Ex 9306 90 10 Ex 9306 90 90	5.2. Trealamh agus diúracáin phléascacha chun cainníochtaí díobhálacha d'oibreáin smachtaithe círéibe a dháileadh ó aerardáin. Nóta: Leis an ítim seo, ní rialaítear gránáidí deataigh agus ní rialaítear aerardáin iontu féin. Áirítear leis an ítim seo trealamh ina bhfuil an modh scaipthe míchruinn ó nádúr, nó inar féidir leis an trealamh nó na diúracáin méideanna oibreáin smachtaithe círéibe a scaipeadh atá díobhálach.

'

IARSCRÍBHINN II

'IARSCRÍBHINN III

LIOSTA NA nEARRAÍ DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 11

Nóta réamhráiteach:

Tagraíonn na ‘cóid Ainmníochta Comhcheangailte’ (Cóid AC) san Iarscríbhinn seo do chóid a shonraítear i gCuid a Dó d’Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87.

I gcás ina dtagann ‘Ex’ roimh an gcód AC, ní bheidh sna hearraí a chumhdaítear leis an Rialachán seo ach cuid de raon feidhme an chóid AC agus cinnfear iad leis an tuairisc a thugtar orthu san Iarscríbhinn seo agus le raon feidhme an chóid AC araon.

Nótaí:

1. Níor cheart cuspóir na rialuithe atá san Iarscríbhinn seo a shárú mar gheall ar onnmhairiú aon earra neamhrialaithe (lena n-áirítear gléasraí) ina bhfuil comhpháirt rialaithe amháin nó níos mó nuair is í an chomhpháirt rialaithe nó nuair is iad na comhpháirteanna rialaithe príomheilimint na n-earraí agus nuair is féidir iad a bhaint nó a úsáid chun críoch eile.

NB: Agus é á mheas arb í an chomhpháirt rialaithe nó arb iad na comhpháirteanna rialaithe príomheilimint an earra, is gá an chainníocht, an luach agus an saineolas teicneolaíochta atá i gceist a chur san áireamh, chomh maith le cúinsí speisialta eile lena bhféadfaí a shuíomh gurb í an chomhpháirt rialaithe nó gurb iad na comhpháirteanna rialaithe príomheilimint na n-earraí atá á bhfáil.

3. I gcásanna áirithe, is de réir ainm agus uimhir CAS a liostaítear ceimiceáin. Tá feidhm ag an liosta maidir le ceimiceáin a bhfuil an fhoirmle struchtúrach chéanna acu (lena n-áirítear hiodráití) gan beann ar an ainm atá orthu ná ar an uimhir CAS atá acu. Léirítear na huimhreacha CAS ionas go bhféadfar ceimiceán áirithe nó meascán áirithe a shainaithint, gan beann ar ainmníocht. Ní féidir uimhreacha CAS a úsáid mar aitheantóirí uathúla toisc go bhfuil uimhreacha difriúla CAS ag foirmeacha áirithe de na ceimiceáin a liostaítear, agus toisc go bhféadfadh uimhreacha difriúla CAS a bheith ag meascáin ina bhfuil ceann de na ceimiceáin a liostaítear freisin.

Cód AC	Tuairisc
	1. Earraí atá ceaptha chun daoine a shrianadh, mar a leanas:
Ex 7326 90 98 Ex 7616 99 90 Ex 8301 50 00 Ex 3926 90 97 Ex 4203 30 00 Ex 4203 40 00 Ex 4205 00 90 Ex 6217 10 00 Ex 6307 90 98 Ex 7315 81 00 Ex 7315 82 00 Ex 7315 89 00 Ex 4017 00 00	1.1. Geimhle Nótaí: 1. Srianta is ea geimhle ar a bhfuil dhá ghlas nó dhá fháinne agus iad feistithe le fearas glasála, nasctha le slabhra nó barra 2. Leis an ítim seo, ní rialaítear geimhle cos agus cuibhrigh bhuíne a thoirmeasctar le hítimí 2.3 agus 2.4 d’Iarscríbhinn II 3. Leis an ítim seo, ní rialaítear 'gnáthghlais lámh’. Gnáthghlais lámh is ea glais lámh a chomhlíonann na coinníollacha uile seo a leanas: - tá an lántoise atá acu lena n-áirítear slabhra, arna dtomhas ó fhorimeall glais amháin go forimeall glais eile, idir 150 mm agus 280 mm nuair atá an dá ghlas glasáilte; - ní mó ná 165 mm an imlíne laistigh de gach glas nuair atá an bhacfhiacail gafa sa pholl deiridh den chuid sin den ghlas a chuirtear isteach san fhearas glasála;

	- ní lú ná 200 mm an imlíne laistigh de gach glas nuair atá an bhacfhiacail gafa sa chéad pholl den chuid sin den ghlas a chuirtear isteach san fhearas glasála; agus - níl na glais modhnaithe chun bheith ina gcúis le pian fhisiciúil nó fulaingt.
Ex 7326 90 98 Ex 7616 99 90 Ex 8301 50 00 Ex 3926 90 97 Ex 4203 30 00 Ex 4203 40 00 Ex 4205 00 90 Ex 6217 10 00 Ex 6307 90 98 Ex 4017 00 00	1.2 Glais nó fáinní aonair a bhfuil fearas glasála feistithe orthu, ar mó an imlíne taobh istigh ná 165 mm nuair atá an bhacfhiacail gafa san eang dheiridh a théann isteach san fhearas glasála. Nóta: Leis an ítim seo, áirítear srianta muiníl agus glais nó fáinní aonair eile atá feistithe le fearas glasála agus atá ceangailte de ghnáthghlais lámh le slabhra.
Ex 7326 90 98 Ex 7616 99 90 Ex 8301 50 00 Ex 3926 90 97 Ex 4203 30 00 Ex 4203 40 00 Ex 4205 00 90 Ex 6217 10 00 Ex 6307 90 98 Ex 7315 81 00 Ex 7315 82 00 Ex 7315 89 00 Ex 4017 00 00	1.3 Glais cos Nóta: Is srianta iad glais cos ina bhfuil dhá ghlas, déanta as miotal de ghnáth, feistithe timpeall na rúitín, agus ceangailte le slabhra chun gluaiseacht éigin a cheadú don duine atá á choinneáil. Is iondúil go mbíonn méid an ghlais níos mó ná méid na ngnáthghlas lámh, agus is féidir é a choigeartú. Leis an ítim seo, ní rialaítear geimhle cos agus cuibhrigh bhuíne a thoirmeasctar le hítimí 2.3, 2.4, 2.5 agus 2.6 d'Iarscríbhinn II
Ex 6505 00 10 Ex 6505 00 90 Ex 6506 91 00 Ex 6506 99 10 Ex 6506 99 90	1.4 Cochaill frithsheile: cochaill, lena n-áirítear cochaill atá déanta d'eangach ag a bhfuil clúdach béil a chuireann cosc ar dhuine seile a chaitheamh. Nóta: Leis an ítim seo, áirítear cochaill frithsheile atá ceangailte de ghnáthghlais lámh le slabhra.
	2. Airm agus gléasanna atá ceaptha chun críoch smachtaithe círéibe nó chun críoch féinchosanta, mar a leanas:
Ex 8543 70 90 Ex 9304 00 00	2.1. Airm turrainge leictrí iniompartha nach féidir a dhíriú ach ar dhuine amháin gach uair a thugtar turraing leictreach, lena n-áirítear stiúdsmachtíní, sciatha turrainge leictrí, stiúdghunnaí agus ga-ghunnaí turrainge leictrí Nótaí: 1. Leis an ítim seo, ní rialaítear criosanna turrainge leictrí agus gléasanna eile a thagann faoi ítim 2.1 d'Iarscríbhinn II. 2. Leis an ítim seo, ní rialaítear gléasanna turrainge leictrí aonair nuair is

	lena n-úsáideoir atá siad ar mhaithe le cosaint phearsanta an úsáideora.
Ex 8543 90 00 Ex 9305 99 00	2.2. Fearais ina bhfuil na comhpháirteanna riachtanacha uile chun airm turrainge leictrí iniompartha a rialaítear le hítim 2.1 a chóimeáil. Nóta: Meastar gur comhpháirteanna riachtanacha na hearraí seo a leanas: - an t-aonad a ghineann an turraing leictreach, - an lasc, bíodh sí ina cianlasc nó ná bíodh, agus - na leictreoidí nó, i gcás inarb infheidhme, na sreanga trína dtugtar an turraing leictreach
Ex 8543 70 90 Ex 9304 00 00	2.3. Airm turrainge leictrí suite nó insuite a chlúdaíonn limistéar fairsing agus lenar féidir turraingí leictreacha a dhíriú ar níos mó ná duine amháin
Ex 9303 90 00 Ex 9304 00 00 Ex 9306 30 90 Ex 9306 90 90	2.4. Teilgeoirí diúracán imbhuailte chinéitigh aonurchair agus diúracáin imbhuailte cinéitigh ghaolmhara Nóta: Áirítear leis an ítim seo diúracáin ar a dtugtar piléir rubair nó phlaisteacha nó urchair imbhuailte de ghnáth, diúracáin imbhuailte greannaitheoirí ceimiceacha agus málaí pónairí. Ní mar an gcéanna iad cruth agus méid na gcineálacha uile liathróidí nó sorcóirí móra agus beaga, agus is féidir iad a dhéanamh as rubar, PVC, cúr dlúth, nó adhmad. Leis an ítim seo, ní rialaítear trealamh a rialaítear le hítimí ML1, 2 agus 12 ó Liosta Comhchoiteann Míleata an Aontais Eorpaigh.
Ex 9301 10 00 Ex 9301 20 00 Ex 9301 90 00 Ex 9302 00 00 Ex 9303 10 00 Ex 9303 20 10 Ex 9303 20 95 Ex 9303 30 00 Ex 9303 90 00 Ex 9304 00 00	2.5 Lainseálaithe agus gléasanna scaipthe lena n-áirítear teilgeoirí ilbhairillí Nóta: Áirítear leis an ítim seo lainseálaithe ilbhairille a mbíonn idir 2 agus 36 bhairille acu de ghnáth, agus ar féidir leo a bheith neamhspleách nó suite ar fheithiclí, ar fheithiclí talún gan foireann, nó ar shoithí farraige. Is féidir na lainseálaithe a oibriú de láimh nó a oibriú trí chianrialú, rud a fhágann gur féidir muinisin imbhuailte chinéitigh nó greannaitheoirí ceimiceacha a scaoileadh ar bhonn aonair, ar bhonn seicheamhach nó ar bhonn comhuaineach, as a n-eascraíonn mearlámhach nó maidhmeanna lámhaigh. Leis an ítim seo, ní rialaítear trealamh a rialaítear le hítimí ML1 agus ML2 ó Liosta Comhchoiteann Míleata an Aontais Eorpaigh.
Ex 9306 21 00 Ex 9306 29 00 Ex 9306 30 10 Ex 9306 30 30 Ex 9306 30 90 Ex 9306 90 10	2.6 Armlón ina bhfuil diúracáin imbhuailte cinéitigh iomadúla Nóta: Áirítear leis an ítim seo armlón is féidir a dhéanamh as rubar, plaisteach nó adhmad, agus a d'fhéadfadh a bheith éagsúil ó thaobh méide, lín agus crutha de. Is féidir leis an líon a áirítear i ngach ceann acu a bheith idir líon beag

Ex 9306 90 90	liathróidí nó bloc móra agus na céadta milliní beaga. Leis an ítim seo, ní rialaítear trealamh a rialaítear le hítimí ML1 agus ML2 ó Liosta Comhchoiteann Míleata an Aontais Eorpaigh.
	3. Airm agus trealamh lena scaiptear ceimiceáin éagumasúcháin nó ghreannacha lena n-úsáid ag údaráis forfheidhmithe dlí chun críoch smachtaithe círéibe nó chun críoch féinchosanta, mar a leanas:
Ex 8424 20 00 Ex 8424 89 70 Ex 9304 00 00	3.1. Airm agus trealamh iniompartha lena dtugtar dáileog de shubstaint cheimiceach ghreannach nó éagumasúcháin a dhírítear ar dhuine amháin nó lena scaiptear dáileog de shubstaint den sórt sin a dhéanann difear do limistéar beag, mar shampla i bhfoirm ceobhráin nó scamaill, nuair a thugtar an tsubstaint cheimiceach nó nuair a scaiptear í. Nótaí: 1. Leis an ítim seo, ní rialaítear trealamh a rialaítear le hítim ML7(e) ó Liosta Comhchoiteann Míleata an Aontais Eorpaigh (1) 2. Leis an ítim seo, ní rialaítear trealamh iniompartha aonair, fiú má tá substaint cheimiceach ann, nuair is lena úsáideoir atá sé ar mhaithe le cosaint phearsanta an úsáideora 3. Le cois substaintí ceimiceacha ábhartha, amhail oibreáin smachtaithe círéibe nó PAVA, measfar gur substaintí ceimiceacha greannacha nó éagumasúcháin iad na hearraí a rialaítear le hítimí 3.3, 3.4 agus 3.7.
Ex 2939 79 90	3.2. Fanailealaimíd aigéid pheileargónaigh (PAVA) (CAS RN 2444-46-4) Nóta: Leis an ítim seo, ní rialaítear trealamh a rialaítear le hítim ML7(e) ó Liosta Comhchoiteann Míleata an Aontais Eorpaigh.
Ex 3301 90 30 Ex 1302 19 70	3.3. Capsacaim oiléaroisín (OC) (CAS RN 8023-77-6) Nóta: Leis an ítim seo, ní rialaítear trealamh a rialaítear le hítim ML7(e) ó Liosta Comhchoiteann Míleata an Aontais Eorpaigh.
Ex 3301 90 30 Ex 3302 10 90 Ex 3302 90 10 Ex 3302 90 90 Ex 3824 99 92	3.4. Meascáin de 0,3 % PAVA nó OC ar a laghad de réir meáchain agus tuaslagóir (amhail eatánól, 1-própánól nó heacsán), a d'fhéadfaí a thabhairt mar oibreáin ghreannacha nó éagumasúcháin, go háirithe in aerasóil agus i bhfoirm leachtach, nó a d'fhéadfaí a úsáid chun oibreáin ghreannacha nó éagumasúcháin a dhéanamh Nótaí: 1. Leis an ítim seo, ní rialaítear anlainn agus ullmhóidí lena n-aghaidh, anraithí agus ullmhóidí lena n-aghaidh agus tarsainn mheasctha nó blastanais mheasctha, ar choinníoll nach iad PAVA nó OC an t-aon bhlas comhpháirteach atá iontu 2. Leis an ítim seo, ní rialaítear táirgí íocshláinte dá dtugtar údarú margaíochta

	i gcomhréir le dlí an Aontais (2)
Ex 8424 20 00 Ex 8424 89 70 Ex 9304 00 00	3.5. Trealamh suite nó insuite chun oibreáin cheimiceacha ghreannacha nó éagumasúcháin a scaipeadh a chlúdaíonn limistéar fairsing agus nach bhfuil ceaptha le bheith ceangailte de bhalla nó de shíleáil laistigh d'fhoirgneamh. Nótaí: 1. Leis an ítim seo, ní rialaítear trealamh a rialaítear le hítim ML7(e) ó Liosta Comhchoiteann Míleata an Aontais Eorpaigh 2. Leis an ítim seo, rialaítear freisin canónacha uisce 3. Le cois substaintí ceimiceacha ábhartha, amhail oibreáin smachtaithe círéibe nó PAVA, measfar gur substaintí ceimiceacha greannacha nó éagumasúcháin iad na hearraí a rialaítear le hítimí 3.3 agus 3.4
Ex 9306 21 00 Ex 9306 29 00 Ex 9306 30 10 Ex 9306 30 30 Ex 9306 30 90 Ex 9306 90 10 Ex 9306 90 90	3.6. Diúracáin mhórchalabra ina bhfuil oibreáin smachtaithe círéibe. Nóta: Áirítear leis an ítim seo diúracáin ina bhfuil oibreáin smachtaithe círéibe, go háirithe OC agus PAVA ag a bhfuil calabra os cionn 56mm. Ní mór úsáid na n-ítimí sin a bheith comhsheasmhach le forálacha ábhartha an Choinbhinsiúin maidir le hAirm Cheimiceacha, go háirithe Airteagail 2.1 agus 2.9.d.
Ex 2934 99 90 Ex 2930 90 95 Ex 2933 99 20 Ex 2921 29 00 Ex 2830 90 85 Ex 3824 99 92 Ex 3824 99 93 Ex 3824 99 96	3.7. Meascáin cheimiceacha a mbíonn boladh bréan uathu a fhoirmlítear chun boladh bréan an-mhíthaitneamhach a tháirgeadh chun críoch smachtaithe círéibe ar choinníoll go bhfuil siad neamhdhíobhálach agus nach mbíonn aon éifeacht fhadtéarmach acu ar an tsláinte. Nóta: Sainmhínítear an ítim seo mar mheascán atá deartha chun críocha fhorfheidhmiú an dlí, agus chun na gcríoch sin amháin, ina bhfuil ceann amháin ar a laghad den raon ceimiceán seo a leanas a ceapadh chun boladh bréan an-mhíthaitneamhach a tháirgeadh agus is féidir a scaipeadh le sprae láimhe, gránáidí, diúracáin sheolta, ladrainn, agus canóin uisce: 1. Tia-aicéatón (cód CAS 4756-05-2) 2. Aillicin (cód CAS 539-86-6) 3. Scatól (cód CAS 83-34-1) 4. Cadavairín (cód CAS 462-94-2) 5. Pútraiscín (cód CAS 110-60-1) 6. Hidreasuilfíd amóiniam (cód CAS 12124-99-1) 7. Eatáintiól (cód CAS 75-08-1) 8. Própáintiól (cód CAS 107-03-9) 9. Iseabúitiltiól (cód CAS 513-44--0) 10. Bútáintiól (cód CAS 109-79-5) Ní rialaítear leis an ítim seo meascáin cheimiceacha bhréana nach bhfuil beartaithe chun críocha fhorfheidhmiú an dlí.
(1) An leagan is déanaí arna ghlacadh ag an gComhairle an 19 Feabhra 2024 (IO	

C/2024/1945, 1.3.2024 lch. 1)

(2) Féach go háirithe Rialachán (CE) Uimh. 726/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Márta 2004 lena leagtar síos nósanna imeachta Comhphobail maidir le húdarú agus maoirseacht táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine agus le haghaidh úsáid tréidliachta agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Leigheasra Eorpach (IO L 136, 30.4.2004, lch. 1) agus Treoir 2001/83/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Samhain 2001 maidir leis an gcód Comhphobail a bhaineann le táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine (IO L 311, 28.11.2001, lch. 67).

,